Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Gaillimh. Teil: +353 (0) 91 503100 Facs: +353 (0) 91 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie www.udaras.ie

An Bord Pleanála,
64 Sráid Mhaoil Bhríde,
Baile Átha Cliath 1

7 Márta 2014

Tagairt: Síneadh Chuan na Gaillimhe, Iarratas ar Phleanáil (faoi Alt 37E) PL61.PA0033, á dhéanamh ag Cuideachta Cuain na Gaillimhe

A Chara,

Is áisíneacht stáit é Údarás na Gaeltachta ('An tÚdarás') atá freagrach as forbairt theangeolaíoch, shóisialta agus eacnamaíoch na Gaeltachta, agus tacaíonn an tÚdarás le tionscnaimh a chuireann le forbairt réigiúnach inbhuanaithe, ar bhonn cothrom, trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt bonneagar straitéiseach tionsclaíoch agus forbartha pobail (faoi réir na riachtanas rialála um chúrsaí timpeallachta agus pleanála).

Tacaíonn Údarás na Gaeltachta le forbairt Shíneadh Chuan na Gaillimhe atá beartaithe, ar an mbunús go léiríonn sé infheistíocht i mbonneagar inbhuanaithe iompair a chuirfidh le hiomaíochas agus inbhuanaitheacht Réigiún an Iarthair, ina bhfuil Gaeltachtaí na Gaillimhe agus Mhaigh Eo.

Tá fás suntasach ag teacht ar an turasóireacht chúrsála só ar fud an domhain i láthair na huaire. Tabharfaidh soláthar saoráidí duga do longa cúrsála líon mór turasóirí go croí-lár Réigiún an Iarthair. Ciallaíonn clú idirnáisiúnta Chonamara go mbeidh sé mar chéad rogha do thurais lae ag roinnt mhaith de na paisinéirí fad is a bheidh na longa cúrsála tagtha chun duga i nGaillimh agus beidh deis acu cuairt a thabhairt ar Shlí Fhiáin an Atlantaigh a seoladh le deireanaí. Tá deis aige cur go mór le geilleagar áitiúil an réigiúin.

Bíonn cathracha rathúla ag ceartlár na réigiún is rathúla ar fud an domhain. Cuirfidh an fhorbairt ar bhonneagar inbhuanaithe iompair atá beartaithe le forbairt inbhuanaithe Chathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird, na ceantair Ghaeltachta san áireamh.

Ainneoin tacaíocht an Údaráis don tionscnamh seo, tá sé mar thosaíocht i gcónaí ag Údarás na Gaeltachta go gcuirfí i gcrích saoráid chalafoirt domhain ag Ros a' Mhíl amach anseo le tacú le haidhmeanna eacnamaíocha, sóisialta agus teangeolaíocha na heagraíochta seo don Ghaeltacht.

Ba chóir go gcuirfí an fhorbairt ar shaoráid chalafoirt domhain ag Ros a' Mhíl san áireamh le forbairt Shíneadh Chuan na Gaillimhe atá beartaithe, Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe agus bealach nua beartaithe an R336 mar fhorbairtí bonneagar inbhuanaithe iompair atá riachtanach le fostaíocht a chaomhnú agus infheistíocht a mhealladh go Réigiún an Iarthair.

AN BORD PLEANÁLA
TIME ______ BY post
10 MAR 2014
LTR-DATED ______ FROM ______
PL ______

Is mise le meas,

Stiofán Ó Cúláin
Príomhfheidhmeannach

CC Cuideachta Cuain na Gaillimhe

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall
Páirc Ghnó an Daingin, Baile an Mhuilinn, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí
Áislann Bhéal an Mhuirthead, Bóthar an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
Páirc Ghnó Bhaile Mhic Íre, Baile Mhic Íre, Co. Chorcaí

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Gaillimh. Teil: +353 (0) 91 503100 Facs: +353 (0) 91 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie www.udaras.ie

An Bord Pleanála,
64 Marlborough Street,
Dublin 1

7 March 2014

Ref: Galway Harbour Extension, Application for Permission (S.37E Application) PL61.PA0033, by Galway Harbour Company

A Chara,

Údarás na Gaeltachta, as the government agency tasked with promoting the linguistic, social and economic development of the Gaeltacht, supports initiatives which contribute to balanced, sustainable regional development through investment in key infrastructural developments for industry and community development (subject to the requisite regulatory environmental and planning considerations).

Údarás na Gaeltachta supports the proposed Galway Harbour Extension development on the basis that it represents an investment in sustainable transport infrastructure which will add to the competitiveness and sustainability of the West Region, in which the Galway and Mayo Gaeltacht areas are located.

Cruise tourism is enjoying significant growth around the world at present. The provision of facilities for the docking of cruise ships will bring tourists in significant numbers into the heart of the West Region. With its international reputation, Conamara will be a destination of choice for many cruise passengers who will avail of day excursions into Conamara while cruise ships are docked in Galway and have the opportunity to experience for themselves parts of the recently launched Wild Atlantic Way. This has the potential to boost the local economy in the region.

Successful regions around the world have successful cities at their core. The proposed development of this sustainable transport infrastructure will contribute to the sustainable development of Galway City and its hinterland, and the Gaeltacht areas within it.

Notwithstanding our support for this initiative, it remains a priority of Údarás na Gaeltachta that the potential of a deep water facility at Ros an Mhíl be realised in the future thus supporting this agency's strategic economic, social and linguistic objectives for the Gaeltacht. The development of a deep water facility at Ros an Mhíl together with the proposed Galway Harbour Extension development, a Galway City Outer Bypass and a new R336 route should be considered as key sustainable infrastructure developments critical to maintaining employment and attracting further investment to the West Region.

Is mise le meas,

Stiofán Ó Cúláin
Príomhfheidhmeannach

CC Galway Harbour Company

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall
Páirc Ghnó an Daingin, Baile an Mhuilinn, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí
Áislann Bhéal an Mhuirthead, Bóthar an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
Páirc Ghnó Bhaile Mhic Íre, Baile Mhic Íre, Co. Chorcaí

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA